Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 3

# Oifig an Ard-Aighne

## Réamhrá

Mar an Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, is gá dom an cuntas leithreasaithe a ullmhú gach bliain don Vóta agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena inniúchadh.

I dtaca leis an riachtanas seo, tá cuntas ullmhaithe agus ceangailte agam leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2015 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas-i-gcabhair.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2015, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí i gcabhair.

Dlitear barrachas €1.89 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Feidhmíodh na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le táirgeadh cuntas leithreasaithe nuair a bhí an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Stiúrthóir. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe um Bainistíocht Seirbhísí atá ann idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhís chomhroinnte Acmhainní Daonna agus Párolla sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb amhlaidh

- Gurb ann do chóras buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Go ndéantar athbhreithnithe míosúla ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Go bhfuil córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig.
- Gurb ann do chórais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Go gcloítear le treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.  Chomhlíon an Roinn na treoirlínte, seachas I gcás 5 conradh ar luach €256,801 a bhí liostáilte i mo thuairisceán maidir le Ciorclán 40/2002. Airítear leis na cúiseanna gan próiseas iomaíoch a bheith i bhfeidhm, mar atá sonraithe i mo thuairisceán don bhliain 2015 faoi Chiorclán 40/2002, sainchineál na seirbhíse arna soláthar, gan ach aon soláthraí amháin a bheith ann i leith na seirbhíse, nach féidir an tseirbhís a cheannach ach díreach ón bhfoilsitheoir seachas trí idirghníomhaire.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Le linn 2015 bhí de thoradh ar laige rialaithe íocaíocht shuntasach mhírialta a íocadh i dtaca le soláthróir ar luach €37,612, íocaíocht a bhfuil an Garda Síochána á himscrúdú faoi láthair. Is féidir liom deimhniú nár éirigh leis an iarracht ar chalaois agus nach raibh aon chaillteanas i gceist don Oifig ná don soláthróir bainteach.

Nuashonraíodh na rialuithe agus na gnáthaimh ábhartha ó shin chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

Faoi mar a míníodh thuas is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a cuid éifeachtúlachta.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Liam Ó Dálaigh**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

24 Márta 2016

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

**Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta**

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

**Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Oifig an Ard-Aighne. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2016

# Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne
# Cuntas Leithreasa 2015

| | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Seachadadh seirbhísí gairmiúla dlí don Rialtas, do ranna agus d'oifigí | 15,845 | 13,995 | 13,820 |
| | **Ollchaiteachas** | **15,845** | **13,995** | **13,820** |
| | *Asbhain* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **815** | **854** | **834** |
| | **Glanchaiteachas** | **15,030** | **13,141** | **12,986** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,889,100 | 1,314,644 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 11,532 | 10,115 | 10,001 |
| ii | Taisteal agus cothú | 130 | 147 | 93 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 540 | 577 | 628 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 70 | 65 | 64 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 499 | 658 | 513 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 156 | 158 | 120 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 20 | 20 | 67 |
| viii | Saineolas dlí conarthach | 461 | 125 | 202 |
| | | **13,408** | **11,865** | **11,688** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 2,130 | 2,132 |
| Pá | | 10,115 | 10,001 |
| Neamhpá | | 1,750 | 1,687 |
| **Ollchaiteachas** | | **13,995** | **13,820** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **854** | **834** |
| **Glanchaiteachas** | | **13,141** | **12,986** |
| **Athruithe sna sócmhainní caipitiúla** | | | |
| Airgead ar cheannacháin | (170) | | |
| Dímheas | 196 | | |
| | | 26 | 84 |
| **Athruithe I sócmhainní faoi fhorbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (20) | (21) |
| **Athruithe I nglansócmhainní reatha** | | | |
| Meadú ar fhabhruithe deiridh | 61 | | |
| Méadú ar stoc | (4) | | |
| | | 57 | (13) |
| **Caiteachas díreach** | | **13,204** | **13,036** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Caiteachas ar ghlansheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,536 | 1,305 |
| Cíosanna barúlacha | | 727 | 727 |
| **Costas glan cláir** | | **15,467** | **15,068** |

#### 1.1 Caiteachas ar ghlansheirbhísí gaolmhara

Tá an méid caiteachais ar ghlanseirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas faoi Vóta 3, atá mar mhuirear áit eile.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais | — | 31 |
| Vóta 12 Pinsean agus Liúntais Scoir | 940 | 727 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 207 | 204 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | 14 | 7 |
| Lárchiste - Pinsin maidir leis an iarArd-Aighne agus baintreach an iarArd-Aighne | 375 | 336 |
| | **1,536** | **1,305** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | 465 | 450 |
| **Sócmhainní caipitiúla faoi fhorbairt** | 2.3 | — | 21 |
| | | **465** | **471** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.5 | 40 | 36 |
| Réamhíocaíochtaí | | 185 | 213 |
| Ioncam fabhraithe | | 1 | 4 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 128 | 249 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 117 | (493) |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **471** | **9** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 234 | (257) |
| Costais fhabhraithe | | 94 | 64 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 11 | 13 |
| **Iomlán dliteanas reatha** | | **339** | **(180)** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **132** | **189** |
| **Glansócmhainní** | | **597** | **660** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **597** | **660** |

| **2.1 Cuntas maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 660 | 710 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 15,030 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,889) | | |
| Vóta glan | | | 13,141 | 12,986 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 1,536 | 1,305 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 727 | 727 |
| Costas glan clár | 1 | | (15,467) | (15,068) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **597** | **660** |

**2.2 Sócmhainní Caipitiúla**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2015 | 4,465 | 1,693 | 6,158 |
| Breiseanna | 209 | 2 | 211 |
| Diúscairtí | (39) | (15) | (54) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2015 | 4,635 | 1,680 | 6,315 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2015 | 4,197 | 1,511 | 5,708 |
| Dímheas don bhliain | 141 | 55 | 196 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (39) | (15) | (54) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2015 | 4,299 | 1,551 | 5,850 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **336** | **129** | **465** |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **268** | **182** | **450** |

**2.3 Sócmhainní Caipitiúla Faoi Fhorbairt**

| ag 31 Nollaig | **Ríomh-Fheidhmeanna Intí** 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir | 21 | — |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain | 20 | 21 |
| Aistrithe | (41) | — |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | 21 |

**2.4 Banc agus airgead tirim**

| ag 31 Nollaig | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid PMG | (235) | 247 |
| Iarmhéid na gcuntas bainc Tráchtála | 1 | 10 |
| | (234) | 257 |

**2.5 Stoic**

| ag 31 Nollaig | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 17 | 22 |
| Tomhaltáin TF | 23 | 14 |
| | 40 | 36 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Árachas Sóisialach Pá Choibhneasta | — | 1 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 38 | 38 |
| Comhchostais fhorchúiteacha | 35 | 7 |
| Cuntas rialaithe tuarastail | 13 | 173 |
| Scéim pas taistil | 38 | 26 |
| Ilghnéitheach | 4 | 4 |
| | 128 | 249 |

| **2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Iarchoimeádach do Sheirbhísí Gairmiúla | 11 | 2 |
| Cáin Bhreisluacha | — | 11 |
| | 11 | 13 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 1,889 | 1,315 |
| Deontas Státchiste neamhtarraingthe | (2,006) | (822) |
| Glandliteanas don Státchiste | (117) | 493 |
| **Léirithe mar:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Árachas Sóisialach Pá Choibhneasta | — | 1 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 128 | 248 |
| | 128 | 249 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (234) | 257 |
| Dlite don Stát | (11) | (13) |
| | (245) | 244 |
| | (117) | 493 |

| **2.9 Gealltanais** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán na ngealltanas infhorghníomhaithe le dlí | 363 | 171 |

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Seachadadh seirbhísí gairmiúla dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 11,532 | 10,115 | 10,001 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 1,876 | 1,750 | 1,687 |
| A.3 | Síntiúis d'Eagrais Idirnáisiúnta | 38 | 34 | 35 |
| A.4 | An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 2,149 | 2,002 | 1,952 |
| A.5 | Costais ghinearálta dlí | 250 | 94 | 145 |
| | | 15,845 | 13,995 | 13,820 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár A €1.85 milliún níos ísle ná mar a fhoráileadh. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(mó) ná a foráladh** | **Míniú** |
|---|---|---|
| | **€000** | |
| Riarachán – pá | 1,417 | Baineadh coigilteas amach i ngeall ar an méid ama a thóg sé nósanna imeachta earcaíochta a chur i gcrích tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le haghaidh poist dlí agus an t-am a thóg sé, ina dhiaidh sin, chun na poist seo a líonadh. |
| Riarachán – neamhphá (v) | (159) | Bhí caiteachas breise i gceist i ngeall ar an méadú ar chostais bhogearraí agus ar na costais a bhain le cothabháil a dhéanamh ar threalamh agus ar bhogearraí TF. |
| Riarachán – neamhphá (viii) | 336 | Baineadh coigilteas amach i ngeall ar líon íosta agus laghdaithe na nAbhcóidí Parlaiminte a fostaíodh in 2015. Tharla sé seo ós rud é nach raibh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte Rialtas ag brath an oiread céanna ar sheirbhísí Abhcóidí comhairleacha Parlaiminte chun spriocanna chlár reachtúla an Rialtais a bhaint amach don bhliain 2015. |
| An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 147 | Baineadh coigilteas amach ós rud é nár líonadh poist thaighdeoirí dlíthiúla ar feadh 6 mhí den bhliain. |
| Costais Ghinearálta Dlí | 156 | Is deacair coinne a bheith leis an leibhéal cásanna a bhféadfadh an Oifig baint a bheith aici leo i rith na bliana. Is gnách go mbunaítear meastacháin ar an gcaiteachas a tabhaíodh sa bhliain roimhe sin. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Faighte | Faighte |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Ilghnéitheach | 8 | 140 | 99 |
| 2. | Fáltais de bharr asbhaintí pinsean-ghaolmhara as luach saothair na seirbhíse poiblí | 807 | 714 | 735 |
| | **Iomlán** | **815** | **854** | **834** |

**Athruithe suntasacha**

Soláthraítear míniú thíos i gcás gach ceannteidil mar a raibh an táirgeacht éagsúil ón méid a measadh faoi níos mó ná €100,000, agus faoi níos mó ná 5%.

| Cur síos | Níos lú/(mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ilgnéitheach | (132) | Mar gheall ar dhearmad níor cuireadh an cíos atá le bheith faighte ó fholigean an áitribh ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí san áireamh sna meastacháin leithreasaí i gcabhair. Cuirfear an suíomh ina cheart sa todhchaí. |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisigh lánaimseartha) | 151 | 149 |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 9,309 | 9,235 |
| Liúntais i leith dualgais arda, speisialta nó bhreise | 69 | 73 |
| Ragobair | 12 | 2 |
| ÁSPC Fostóra | 725 | 691 |
| **Pá Iomlán** | **10,115** | **10,001** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2015 | 2014 |
| | | | € | € |
| Dualgais arda, speisialta nó bhreise | 16 | 3 | 21,406 | 14,497 |
| Ragobair agus freastal breise | 5 | — | 1,495 | 784 |
| Lion na ndaoine aonair a fuair luach saothair breise I níos mó nácatagóir amháin | — | — | — | — |

**5.2 Ró-iócaíochtaí párolla**

Ró-íocaíochtaí ag deireadh na mbliana: €17,491 (8 cás) (2014 €0, 0 cás). As an €4,530 seo, tá pleananna aisghabhála I bhfeidhm I 2 cás.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Costais dlí**

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Costais dlí íoctha ag an Oifig | Costais dlí a dámhadh | Cúiteamh a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Mar shocraíocht ar éileamh ag iarfhostaí** | — | 10 | 82 | 92 | — |
| | — | 10 | 82 | 92 | — |